Culture and Creativity Plan 2017
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

Creative Ireland Tipperary
Tiobraid Árann Éire Ildánach

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	6	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Tipperary	8	Meitheal Éire Ildánach i dTiobraid Árann
Implementation	10	Cur i bhfeidhm
Projects 2017	12	Tionscadail do 2017
Promotional Events 2017	15	Imeachtaí Poiblíochta 2017

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

We are pleased to welcome the publication of this Culture and Creativity Plan 2017 for Tipperary, the first for the Creative Ireland Programme. Following on the tremendous success of the Ireland 2016 programme in activating and engaging groups around the county, we feel that the Creative Ireland Programme is a fitting legacy and we are delighted that Local Authorities are once again set to play a role in implementing Pillar 2 of this programme, 'Enabling Creativity in Every Community'. Culture and creativity puts the heart in our communities. It promotes wellbeing and social inclusion; it connects us to each other and forges strong societies.

We have a rich tradition in music, art, poetry, drama, literature and folklore that is the foundation of a rich cultural heritage. We have a vast county with a rich and diverse built and natural heritage that has for centuries inspired creativity among our citizens and to people passing through. Culture is by its very nature of course, multifaceted and a constantly evolving state of expression. Tipperary County Council has been happy to support culture and creativity through the work of our Heritage and Arts Offices as well as our County Museum and County Libraries. We are delighted to see that the collaboration that has been ongoing in our cultural services for a number of years will be enhanced and supported under the Creative Ireland Programme and we feel this will have a positive impact on the cultural life of the county.

Following on our recent Creative Ireland workshop there is a real appetite within the communities of Tipperary to engage with the local authority and with each other in the areas of creativity, culture, arts and heritage. Our hope is that we can develop a strong cultural network within the county that will be sustained into the future. Engagement with the public will continue and work is already underway on a five-year Culture and Creativity Plan for the County. This plan is a precursor to this and highlights the actions that will be undertaken during 2017. Actions outlined in this plan will be implemented or supported by the Culture team in 2017 with the support of the Council and Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs.

We wish to acknowledge the support of the Department and the Creative Ireland Programme team to this process and we look forward to creating a vibrant cultural environment for Tipperary over the coming years.

Cllr. Siobhán Ambrose
Cathaoirleach

Joe MacGrath
Chief Executive

Is cúis áthais dúinn fáilte a chur roimh fhoilsiú Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 do Thiobraid Árainn, arb é a chéad phlean dá leithéid é i gcomhthéacs Chlár Éire Ildánach. Ós rud é gur éirigh chomh maith sin le clár Éire 2016 i dtaca le grúpaí a ghníomhachtú ar fud an chontae agus le rannpháirteachas grúpaí a áirithiú, measaimid go bhfuil Clár Éire Ildánach oiriúnach mar thionscnamh le hoidhreacht uaidh sin agus tá lúcháir orainn go mbeidh ról ag Údaráis Áitiúla arís maidir le cur i bhfeidhm Cholún 2 den chlár seo, is é sin, 'Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal'. Is iad an cultúr agus an chruthaitheacht a chuireann an croí isteach inár gcuid pobal. Cuireann siad folláine agus uilechuimsitheacht shóisialta chun cinn; nascann siad le chéile sinn agus cruthaíonn siad sochaithe láidre.

Tá traidisiún saibhir againn i réimsí an cheoil, na healaíne, na filíochta, na drámaíochta, na litríochta agus an bhéaloidis agus tá an traidisiún ina dhúshraith d'oidhreacht shaibhir chultúir. Tá contae ollmhór againn ina bhfuil oidhreacht fhoirgnithe agus nádúrtha de chineál saibhir ilchineálach agus leis na céadta bliain, tá inspioráid faighte ón oidhreacht sin i leith cruthaitheachta i measc ár saoránach i measc daoine a chaitheann tamall anseo. Ó nádúr, is rud ilghnéitheach é an cultúr, ar ndóigh, agus is staid léirithe é a bhíonn ag athrú de shíor. Bíonn áthas ar Chomhairle Chontae Thiobraid Árann tacú leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht trí obair ár nOifigí Oidhreachta agus Ealaíon agus chomh maith leis sin, trí obair ár Músaeim Contae agus ár Leabharlann Contae. Tá lúcháir orainn go mbeidh an comhoibriú atá ann go leanúnach le roinnt blianta anuas i ndáil lenár seirbhísí cultúir á fheabhsú, agus go mbeifear ag tacú leis, faoi Chlár Éire Ildánach agus measaimid go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar shaol cultúir an chontae.

Ag éirí as ceardlann Éire Ildánach a sheolamar le déanaí, tá fonn mór ar dhaoine laistigh de phobail Thiobraid Árann a bheith rannpháirteach leis an údarás áitiúil agus lena chéile i réimsí na cruthaitheachta, an chultúir, na n-ealaíon agus na hoidhreachta. Táimid ag súil gur féidir linn líonra láidir cultúir a fhorbairt sa chontae agus gur líonra é a chothófar sna blianta atá romhainn. Leanfar den rannpháirteachas le daoine den phobal agus tá obair ar siúl cheana féin ar Phlean cúig bliana Cultúir agus Cruthaitheachta don Chontae. Is réamhtheachtaí an plean seo ina leith sin agus tugtar suntas ann do na gníomhaíochtaí a rachfar ina mbun i rith na bliana 2017. Déanfaidh an Mheitheal Cultúir na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa phlean seo a chur i bhfeidhm sa bhliain 2017, sin nó tabharfaidh an mheitheal tacaíocht dóibh, agus tacaíocht á fáil acu ón gComhairle agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Is mian linn admháil a thabhairt i leith na tacaíochta atá tugtha ag an Roinn agus ag meitheal Chlár Éire Ildánach i leith an phróisis seo agus táimid ag tnúth le timpeallacht bhríomhar chultúir a chruthú do Thiobraid Árann sna blianta atá romhainn.

Cllr. Siobhán Ambrose
Cathaoirleach

Joe MacGrath
Príomhfheidhmeannach

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025– Éire Ildánach which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland Programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for the Creative Ireland Programme to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

This Plan sets out the beginning of Tipperary's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

The Culture Team for Tipperary County Council, through their respective departments work closely with communities on an ongoing basis throughout the county across a broad spectrum of cultural initiatives. We welcome the investment and focus on culture and creativity as an investment in our communities. The county is culturally and creatively active and the aim is through the 5 years of the Creative Ireland Programme that this cultural and creative activity will be enhanced and supported.

Is é Clár Éire Ildánach an tionscnamh de chuid an Rialtais a eascraíonn le hoidhreacht ó Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana atá ann, ó 2017-2022, trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ardaidhme uile-rialtais atá ann d'fhonn an chruthaitheacht a chur ina gnáthchuid de shaol an náisiúin ionas gur féidir linn ar fad, asainn féin agus i gcomhar lena chéile, an acmhainn chruthaitheachta atá ionainn a thabhairt in inmhe agus chun foirfeachta sa saol pearsanta agus i bhforais éagsúla na tíre.

Tionscnamh atá i gClár Éire Ildánach atá bunaithe ar an gcultúr agus atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

Ina theannta sin, is é Clár Éire Ildánach an príomhchóras trína gcuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí a leagtar amach i ndoiciméad polasaí an Rialtais dar teideal Cultúr 2025 - Éire Ildánach, ina luaitear gur gné bhunúsach de Stát na hÉireann na healaíona agus an cultúr agus ina n-admhaítear gur gá teacht a bheith níos furasta ar ghnéithe de na healaíona, rannpháirtíocht sna healaíona a bheith níos coitianta, borradh a chur faoi thionscail na cruthaitheachta agus an oidhreacht a chaomhnú, le béim faoi leith ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

Tá an clár bunaithe ar théamaí an aitheantais, an chultúir agus na saoránachta. Is iad na prionsabail lárnacha oibriúcháin atá ann ná an Comhar agus an Chumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag údaráis áitiúla i dtaca le Clár Éire Ildánach, ina iomláine, a chur i gcrích agus tá sainordú eisiach acu, trína gcuid meithleacha cultúir, Colún 2 den chlár a chur i gcrích - Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. Tá cineachadh na freagrachta i leith Chlár Éire Ildánach chuig na húdaráis áitiúla bunaithe ar thionchar urghnách na dtionscadal comhoibríoch a chomhordaigh údaráis áitiúla do chothrom céad bliain 1916.

Sa Phlean seo, leagtar amach tús ról Thiobraid Árann sa turas cúig bliana seo, ar tionscnamh fíorthábhachtach polasaí náisiúnta é atá dírithe ar chultúr agus ar fholláine.

Oibríonn Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Thiobraid Árann, trí na ranna faoi seach atá ann, go dlúth le pobail ar bhonn leanúnach ar fud an chontae i dtaca le raon leathan tionscnamh cultúir. Fáiltímid roimh an infheistíocht sa chultúr agus sa chruthaitheacht, agus roimh an mbéim atá á leagan ar an réimse seo, agus glacaimid leis an infheistíocht sin mar infheistíocht inár gcuid pobal. Faoi láthair, tá an contae gníomhach ó thaobh cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta de agus tá sé mar aidhm go ndéanfar an ghníomhaíocht chultúir agus chruthaitheachta sin a fheabhsú, agus go dtacófar léi, thar na cúig bliana de Chlár Éire Ildánach.

The Creative Ireland Team in Tipperary
MEITHEAL ÉIRE ILDÁNACH I DTIOBRAID ÁRANN

The Creative Ireland Team in County Tipperary (The Culture Team) will work with sections across the Council including and not limited to Sports Partnership, Tourism, Social Inclusion, and L.E.O where projects falling under the Creative Ireland Programme pillars can be developed. The Culture Team will be coordinated by Róisín O Grady, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The Team will meet on a regular basis and report to the Director on a bi-monthly basis as part of a broader Cultural team. Each member of the team will engage with the broader public in the implementation of this action plan and the upcoming County Cultural Strategy 2018-2022. The full members of the Culture Team are:

Beidh Meitheal Éire Ildánach i gContae Thiobraid Árann (an Mheitheal Cultúir) ag obair le rannóga ar fud na Comhairle, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Spóirt, Turasóireacht, Uilechuimsitheacht Shóisialta agus an Oifig Fiontair Áitiúil, gan bheith teoranta dóibh sin, ar réimsí iad inar féidir forbairt a dhéanamh ar thionscadail a thagann faoi réim cholúin Chlár Éire Ildánach. Beidh an mheitheal á comhordú ag Róisín O'Grady, ar duine de 31 chomhordaitheoir náisiúnta í a oibríonn mar mheitheal náisiúnta chun Clár Éire Ildánach a chur i gcrích. Tiocfaidh an Mheitheal le chéile ar bhonn rialta agus tuairiscíonn siad don Stiúrthóir ar bhonn démhíosúil mar chuid de mheitheal cultúir níos forleithne. Beidh gach ball den mheitheal rannpháirteach leis an bpobal i gcoitinne maidir le cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta seo agus maidir le Straitéis Chultúir an Chontae 2018-2022 a bheidh ann le gairid. Is iad seo a leanas na lánbhaill den Mheitheal Cultúir:

Sinéad Carr

Director of Services for Community and Economic Development and District Director for Clonmel Borough Council

Sinéad as Director of Services for Community and Economic Development has responsibility for Heritage, Arts, County Museum, Sports Partnership, L.E.O, Economic Development, L.C.D.C and Social Inclusion. She is also the Director for Creative Ireland Tipperary Team. Email: sinead.carr@tipperarycoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta, agus Stiúrthóir Ceantair do Chomhairle Bhuirg Chluain Meala

Ina cáil mar Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta, tá freagracht ar Shinéad i ndáil leis na réimsí seo a leanas: Oidhreacht, Ealaíona, an Músaem Contae, Comhpháirtíocht Shóisialta, an Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíochta, an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail agus Uilechuimsitheacht Shóisialta. Ina theannta sin, is í Stiúrthóir Mheitheal Éire Ildánach i dTiobraid Árann í. Ríomhphost: sinead.carr@tipperarycoco.ie

Róisín O Grady

Tipperary County Heritage Officer

Róisín is one of 31 national coordinators who will work to deliver the Creative Ireland Programme to communities across the country. As Heritage Officer, her role is to raise awareness of and promote the conservation of the rich built, natural and cultural heritage of County Tipperary. Email: roisin.ogrady@tipperarycoco.ie

Oifigeach Oidhreachta Chontae Thiobraid Árann

Tá Róisín ar dhuine de 31 chomhordaitheoir náisiúnta a oibreoidh chun Clár Éire Ildánach a chur i gcrích ar fud na tíre. Mar Oifigeach Oidhreachta, is é atá sa ról atá aici ná feasacht ar chaomhnú oidhreacht shaibhir Thiobraid Árann, ó thaobh chúrsaí na timpeallachta foirgnithe agus nádúrtha agus cúrsaí cultúir de, a mhéadú agus a chur chun cinn.
Ríomhphost: roisin.ogrady@tipperarycoco.ie

Melanie Scott

Tipperary County Arts Officer

Melanie as Arts Officer works towards the continuing development of the arts in the county by providing advice and information, arts policy development and grants and schemes for the arts in addition to managing a developmental arts programme. Advocating the importance of arts within society through various local development and other forums and interacting with artists, arts organisations and other interested parties to realise the council's vision for the arts is a key part of the role. Email: melanie.scott@tipperarycoco.ie

Oifigeach Ealaíon Chontae Thiobraid Árann

Ina cáil mar Oifigeach Ealaíon, oibríonn Melanie chun ar fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae trí chomhairle agus faisnéis a thabhairt, trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbeartas maidir leis na healaíona agus trí dheontais agus scéimeanna i leith na n-ealaíon a riaradh, de bhreis ar chlár ealaíon forbartha a bhainistiú. Príomhchuid den ról is ea tábhacht na n-ealaíon sa tsochaí a chur chun cinn trí fhóraim éagsúla forbartha áitiúla agus trí fhóraim eile agus trí idirghníomhú le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon agus le páirtithe leasmhara eile chun d'fhonn fís na comhairle i leith na n-ealaíon a bhaint amach.
Ríomhphost: melanie.scott@tipperarycoco.ie

Marie McMahon

Curator Tipperary County Museum

Marie is Manager and Curator of the Tipperary County Museum overseeing a collection of over 30,000 items relating to the history, heritage and culture of Tipperary. The Museum is accredited under the Museum Standards Programme of Ireland and designated by the National Museum of Ireland. The Museum's award winning Education Department devises exciting and innovative outreach and education programmes and engages with communities throughout the county. Email: marie.mcmahon@tipperarycoco.ie

Coimeádaí Mhúsaem Contae Thiobraid Árann

Is í Marie Bainisteoir agus Coimeádaí Mhúsaem Contae Thiobraid Árann agus déanann sí formhaoirseacht ar bhailiúchán ina bhfuil níos mó ná 30,000 ítim a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr Thiobraid Árann. Tá creidiúnú ag an Músaem faoin gClár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann agus tá sé ainmnithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ceapann Roinn Oideachais dhuaisbhuaiteach an Mhúsaeim cláir spreagúla nuálacha cianrochtana agus oideachais agus bíonn teagmháil aici le pobail ar fud an chontae.
Ríomhphost: marie.mcmahon@tipperarycoco.ie

Damien Dullaghan

Tipperary County Librarian

Damien as County Librarian has responsibility for the Tipperary Libraries Service and its network of 12 branches spread throughout the County. They have a range of services including Tipperary Studies for local history and genealogy enthusiasts and a broad range of free e-services. They also provide creative spaces and host numerous events throughout the year as well as offering a number of outreach services. Email: damien.dullaghan@tipperarycoco.ie.

Leabharlannaí Chontae Thiobraid Árann

Mar Leabharlannaí Contae, tá freagracht ar Damien i ndáil le Seirbhís Leabharlainne Thiobraid Árann agus i ndáil lena líonra 12 bhrainse atá scaipthe ar fud an Chontae. Tá raon seirbhísí ann lena n-airítear Staidéir Thiobraid Árann do dhaoine a bhfuil spéis acu sa stair áitiúil agus sa ghinealas, mar aon le raon leathan r-sheirbhísí saor in aisce. Soláthraíonn siad spáis chruthaitheachta freisin agus eagraíonn siad cuid mhór imeachtaí ar fud na bliana agus, chomh maith leis sin, tairgeann siad roinnt seirbhísí cianrochtana.
Ríomhphost: damien.dullaghan@tipperarycoco.ie

Mary Quigley

Arts & Heritage Support

Mary works with both the Arts Office and Heritage Office and has been involved in a wide number of initiatives including Ireland 2016, Culture Night, Heritage Week and Bealtaine as well as working with groups in both the heritage and art areas in relation to programming and events. Mary also sits on the Tipperary Heritage Forum. Email: mary.quigley@tipperarycoco.ie

Tacaíocht Ealaíon & Oidhreachta

Oibríonn Mary in éineacht leis an Oifig Ealaíon agus leis an Oifig Oidhreachta araon agus tá páirt glactha aici i líon mór tionscnamh lena n-áirítear Éire 2016, an Oíche Chultúir, an tSeachtain Oidhreachta agus Bealtaine, chomh maith le hobair ar thiomsú clár agus ar imeachtaí a dhéanamh le grúpaí i réimsí na hoidhreachta agus na n-ealaíon araon. Tá Mary ina ball d'Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann freisin.
Ríomhphost: mary.quigley@tipperarycoco.ie

Implementation
CUR I BHFEIDHM

As community partnership is a key aspect of the Creative Ireland Programme, we will utilise the following methods of interacting and communicating with our key audiences and stakeholders.

- Mailing Lists: Regular updates will be circulated to groups and organisations using the mailing list started at the recent workshop, but also utilising existing mailing lists in each department to ensure the broadest reach possible. Updates will also be circulated to the Tipperary Public Participation Network for inclusion in their newsletters.
- Social media: Each member of the team has an existing social media presence in both Facebook and Twitter as has the Council. Information on initiatives and events will be shared on all social media outlets utilising creative Ireland handle etc
- Web site: a Creative Ireland page will be activated on the Councils website www.tipperarycoco.ie, this will link into each department on the team and links to Creative Ireland programme website and other departmental websites as necessary. Following on feedback from our workshop on a creative directory, this will be explored in terms of what information already exits and we will look at having a creative directory for the county on the website.
- What's on in Tipp: A section on Creative Ireland will be included on the online events calendar 'What's on in Tipp' where all events and projects will be uploaded.

Ós rud é go bhfuil comhpháirtíocht phobail ina gné thábhachtach de Chlár Éire Ildánach, bainfimid úsáid as na modhanna seo a leanas chun idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpríomhchustaiméirí agus lenár bpríomh-gheallsealbhóirí.

- Liostaí Seoltaí: Scaipfear ábhar uasdátaithe go rialta ar ghrúpaí agus ar eagraíochtaí trí úsáid a bhaint as na liostaí seoltaí ar cuireadh tús leo ag an gceardlann a bhí ann le déanaí ach, chomh maith leis sin, úsáidfear na liostaí seoltaí atá ag gach roinn faoi láthair chun a chinntiú go sroichfear an líon is mó daoine agus is féidir. Cuirfear ábhar uasdátaithe chuig Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Thiobraid Árann freisin lena chur isteach ina nuachtlitreacha.
- Meáin shóisialta: Tá cuntas meán sóisialta ag gach ball den mheitheal ar Facebook agus ar Twitter, rud atá amhlaidh i gcás na Comhairle freisin. Déanfar faisnéis faoi thionscnaimh agus faoi imeachtaí a chomhroinnt ar gach meán sóisialta trí úsáid a bhaint as an leasainm Éire Ildánach etc.
- Laithreán gréasáin: déanfar leathanach Éire Ildánach a ghníomhachtú ar láithreán gréasáin na Comhairle www.tipperarycoco.ie, agus beidh nasc uaidh sin chuig gach roinn de chuid na meithle mar aon le naisc chuig laithreán gréasáin chlár Éire Ildánach agus chuig laithreáin ghréasáin de chuid Ranna eile de réir mar is gá. Mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ón gceardlann a bhí ann le déanaí maidir le heolaire cruthaitheachta, déanfar scrúdú ina leith ó thaobh cén fhaisnéis atá ann cheana féin agus déanfaimid fiosrú i dtaobh eolaire cruthaitheachta don chontae a bheith ann ar an láithreán gréasáin.

- Updates to Council: A report on Creative Ireland will be included in the Community and Economic bi-monthly report to council members. It will also be included in the reports to the Municipal Districts. Presentations to council and SPC committees will be provided as required.
- Local Media: Information will be circulated to local papers in the form of press releases, event/project reports and advertisements as necessary. Information will also be supplied to local radio stations in the form of press releases or interviews as necessary.
- County heritage forum quarterly meetings: Updates and presentations will be made at Heritage Forum meetings as necessary.
- Collaborate Tipperary meetings: The importance of networking and collaboration was highlighted at our workshop in April, a series of 'Collaborate in Tipperary events, giving interested parties the opportunity to come together and look for potential project partners.

- Cad atá ag tarlú i dTiobraid Árann: Cuirfear roinn faoi Éire Ildánach isteach san fhéilire imeachtaí ar líne dar teideal 'What's on in Tipp' áit a ndéanfar na himeachtaí agus na tionscadail go léir a uaslódáil.
- Ábhar uasdátaithe don Chomhairle: Cuirfear tuarascáil faoi Éire Ildánach a chur san áireamh sa tuarascáil dhémhíosúil Pobail agus Eacnamaíochta a thugtar do chomhaltaí na comhairle. Déanfar í a chur san áireamh freisin sna tuarascálacha a thugtar do na Ceantair Bhardasacha. Tabharfar cur i láthair do choistí de chuid na comhairle agus do Choistí Beartais Straitéisigh de réir mar is gá.
- Meáin Áitiúla: Scaipfear faisnéis ar na nuachtáin áitiúla i bhfoirm preasráiteas, tuarascálacha faoi imeachtaí/thionscadail agus fógrán de réir mar is gá. Cuirfear faisnéis ar fáil do stáisiúin raidió áitiúla freisin i bhfoirm preasráiteas nó agallamh de réir mar is gá.
- Cruinnithe ráithiúla fhóram oidhreachta an chontae: Tabharfar faisnéis uasdátaithe agus cur i láthair le linn cruinnithe den Fhóram Oidhreachta de réir mar is gá.
- Cruinnithe de chuid Collaborate Tipperary: Tugadh suntas don tábhacht a bhaineann le líonrú agus le comhoibriú le linn ár gceardlainne a bhí ann i mí Aibreáin agus inar cuimsíodh sraith imeachtaí 'Collaborate in Tipperary' a thug deis do pháirtithe leasmhara teacht le chéile chun comhpháirtithe ionchasacha tionscadail a lorg.

Projects 2017
TIONSCADAIL DO 2017

PROJECTS APPROVED FOR SUPPORT IN 2017 WITH CREATIVE IRELAND FUNDING INCLUDE:

Creative Tipperary Grants Scheme
As part of our enabling creativity in every community, we will run a grants scheme for individuals and communities for cultural and creative projects that fulfil some or all of the 5 pillars of the Creative Ireland Programme.

A Message in Time Exhibition
County Museum
3rd July 2017-27 April 2018:
'Whether it's 140 characters on twitter, a scribbled note or a postcard to a loved one, written communication is a key element of our lives'. This exhibition will explore the memories and stories of our past brought to life through digital animations, architectural discoveries, artistic interpretations and authentic postal collections'. Includes collaborations with Clonmel Junction Festival, An Post, L.I.T, W.I.T, Artists Katie Hanlan, Lay of the Land and James Earley, Local schools and community groups around the county.

I MEASC NA DTIONSCADAL ATÁ CEADAITHE I GCOMHAIR TACAÍOCHTA SA BHLIAIN 2017, AGUS MAOINIÚCHÁN ÉIRE ILDÁNACH Á FHÁIL INA LEITH, ÁIRÍTEAR AN MÉID SEO A LEANAS:

Scéim Deontas Thiobraid Árann Ildánach
Mar chuid dár n-iarrachtaí chun an chruthaitheacht a chumasú i ngach pobal cuirfimid scéim deontas i bhfeidhm do dhaoine aonair agus do phobail a bhfuil tionscadail chultúir agus chruthaitheachta a chomhlíonann cuid de na 5 cholún, nó na 5 cholún go léir, de chuid Chlár Éire Ildánach á reáchtáil acu.

Taispeántas Teachtaireachtaí
ón Am atá Caite - Músaem an Chontae
3ú Iúil 2017-27 Aibreán 2018
Is cuma cé acu 140 carachtar ar Twitter, nóta garbhscríofa nó cárta poist chuig duine muinteartha atá ann, tá an chumarsáid i scríbhinn ina gné tábhachtach dár saol. Scrúdóidh an taispeántas seo cuimhní agus scéalta dár gcuid ón am atá caite agus beocht curtha iontu trí bheochan dhigiteach, trí fhionnachtana ailtireachta, trí léirmhíniúchán ealaíonta agus trí bhailiúcháin bharántúla ábhar postais. Áiríonn sé comhoibriú le Féile Clonmel Junction, An Post, L.I.T., W.I.T., na hEalaíontóirí Katie Hanlan, Lay of the Land agus James Earley, scoileanna áitiúla agus grúpaí pobail ar fud an chontae.

Tipperary Libraries Creative Ireland Programme
This year long proposal aims to increase access and participation to the arts, to boost the creative industries and to preserve our heritage. This includes, programmes for pre-schools, Children's Book Festival incorporating touring authors/ illustrator, drama workshops and creative writing workshops (5-8 year olds). In depth summer workshops focused on providing access to music, art, Lego (9-12 year olds). There will also media production workshops for graphic novel illustrations and author visits for teenagers. Adults will have access to writing and art workshops- Our Libraries will feature exhibitions of the content generated from these workshops.

Crinniú na Cásca: Easter Monday
For our first Cruinniú we had Fidget Feet, the internationally renowned aerial dance theatre company, brought an adaptation of their production 'A Fairies Tail' to Templemore Town park, where they put on 2 spectacular aerial performances, suspended 40 metres above the crowd. The Cruinniú na Cásca event will be rotated around the Municipal Districts of the county during the lifetime of the Creative Ireland programme.

Clár Éire Ildánach i Leabharlanna Thiobraid Árann
Tá sé mar aidhm ag an togra bliana seo méadú a dhéanamh ar rochtain ar na healaíona, agus ar rannpháirtíocht iontu, borradh a chur faoi na tionscail chruthaitheachta agus caomhnú a dhéanamh ar ár n-oidhreacht. Áiríonn sé sin cláir do réamhscoileanna, Féile Leabhar do Leanaí a mbeidh údair/maisitheoir taistil páirteach inti, ceardlanna drámaíochta agus ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí (leanaí san aoisghrúpa 5-8). Dian-cheardlanna samhraidh a bheidh dírithe ar rochtain a sholáthar ar cheol, ar ealaíon, ar Lego (leanaí san aoisghrúpa 9-12). Beidh ceardlanna léirithe meán ann freisin i ndáil le maisiú úrscéalta grafacha agus beidh cuairteanna ó údair ann do dhéagóirí. Beidh rochtain ag daoine fásta ar cheardlanna scríbhneoireachta agus ealaíne. Cuirfear torthaí na gceardlann sin ar taispeáint inár gcuid leabharlann.

Cruinniú na Cásca: Luan Cásca
Mar chéad Chruinniú bhí Fidget Feet ann, is é sin, complacht amharclainne damhsa aerga a bhfuil ardcháil idirnáisiúnta air, agus thug siad oiriúnú ar a léiriúchán ar 'A Fairies Tail' go faiche Bhaile an Teampaill Mhóir áit ar chuir siad 2 thaibhiúchán aerga mórthaibhseach ar fáil agus iad crochta 40 méadar os cionn an lucht féachana. Reáchtálfar imeacht Chruinniú na Cásca, ar bhonn uainíochta, i gCeantair Bhardasacha an Chontae le linn ré chlár Éire Ildánach.

Preliminary work for Hybrid by Alice Maher planned for The Source Arts Centre in 2018
To support an Exhibition by one of Tipperary's most high profile, internationally renowned artists in Tipperary.

Tipperary Heritage Week Launch at Rock of Cashel
We are delighted to work with the O.P.W to begin our Heritage Week in County Tipperary with a special event on the Rock of Cashel on 18th August in a celebration of built, natural and cultural heritage.

Réamhobair le haghaidh Hybrid le Alice Maher a bheartaítear a sheoladh in Ionad Ealaíon Source sa bhliain 2018
Mar thacaíocht do Thaispeántas de chuid duine de na healaíontóirí is airde próifíl agus is mó cáil idirnáisiúnta de chuid Thiobraid Árann.

Imeacht Tionscnaimh don tSeachtain Oidhreachta ag Carraig Phádraig
Tá lúcháir orainn a bheith ag obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tús a chur lenár Seachtain Oidhreachta i dTiobraid Árann trí imeacht speisialta a eagrú ag Carraig Phádraig ar an 18 Lúnasa mar cheiliúradh ar ár n-oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúir.

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

TIPPERARY CULTURAL EVENTS CALENDAR HIGHLIGHTS 2017

The following events are a snapshot of cultural and creative activity taking place in County Tipperary in 2017. These events will all contribute towards promoting the aims of the Creative Ireland Programme within the county and all encourage participation and engagement with local communities. Further details of events happening in the county are available on our website www.tipperarycoco.ie

Bealtaine
May 2017
A month of performances, film screenings, and community projects spread through different locations around the county celebrating creativity in older age.

Clonmel Junction Festival
3-9 July
Over 7 days the Clonmel Junction Festival presents an exciting programme of events including live music, theatre, street performance, comedy, visual art and much more including a series of concerts in the Mitchelstown Cave.

Cahir Castle Summer Theatre Project
14, 21, 28 July and 4 August
Cahir Historical Society will present a number of weekly theatre events in the castle. The use of the castle as a backdrop will enhance the performances for visitors and locals alike.

PRÍOMHIMEACHTAÍ CULTÚIR Ó FHÉILIRE THIOBRAID ÁRANN 2017

Tugann na himeachtaí seo a leanas léargas ar na gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta a bheidh ar siúl i gContae Thiobraid Árann sa bhliain 2017. Cuideoidh na himeachtaí seo le haidhmeanna Chlár Éire Ildánach a chur chun cinn sa chontae agus spreagfaidh siad go léir rannpháirtíocht i bpobail áitiúla. Tá tuilleadh mionsonraí faoi imeachtaí a bheidh ar siúl sa chontae ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.tipperarycoco.ie

Féile Bealtaine 2017
Mí iomlán de thaibhiúcháin, taispeáint scannán agus tionscadail phobail in ionaid éagsúla ar fud an chontae chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaitheacht i measc daoine scothaosta.

Féile Clonmel Junction
3ú -9ú Iúil
Thar 7 lá, cuireann Féile Clonmel Junction clár spreagúil imeachtaí ar fáil, lena n-áirítear ceol beo, míreanna amharclainne, taibhiúcháin sráide, greann, amharcealaín agus nithe nach iad, lena n-áirítear ceolchoirmeacha in Uaimh Bhaile Mhistéala.

Tionscadal Amharclainne Samhraidh Chaisleán na Cathrach
14ú, 21ú, 28ú Iúil agus 4ú Lúnasa
Léireoidh Cumann Staire na Cathrach roinnt imeachtaí amharclainne seachtainiúla sa chaisleán. Trí úsáid a bhaint as an gcaisleán mar chúlbhrat, cuirfear feabhas ar na taibhiúcháin do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla araon.

Festival Cluain Meala

5-13 August

Clonmel will be transformed over nine summer days with bike races, gigs, busking, medieval village, medieval inn trail and family fun day. The successful collaboration of three major festivals in the town, The Medieval Wall Towns Day, The Suir Valley Three Day Cycling Festival and the Clonmel Busking festival celebrate Clonmel's rich tapestry of culture sport and music.

Terryglass Arts Festival

16-20 August, 2017

This festival in Terryglass, on the northern shores of Lough Derg, is a multi-disciplinary arts festival and offers a wide variety of arts events, performances and visual arts experiences.

Heritage Week

August 19-27 August

National Heritage week is coordinated by the Heritage Council and its aim is to build awareness about our heritage thereby encouraging its conservation and preservation. Each year, during the last week in August, many national and hundreds of local community organisations participate by organising events through the country. Many of the events that take place during the week are free and the programme highlights the abundance of great work that is carried out in Ireland to preserve and promote our natural, built and cultural heritage. National Heritage week is part of European Heritage days which are a joint initiative of the Council of Europe and the European Union and over 40 countries participate each year. The main aim of European Heritage Days are also to promote our built natural and cultural heritage and to promote Europe's common cultural heritage.

Féile Chluain Meala, Dé Sathairn

5ú Lúnasa -13ú Lúnasa

Thar naoi lá samhraidh déanfar athrú ó bhonn ar Chluain Meala agus beidh rásaí rothair, gigeanna, buscáil, sráidbhaile meánaoiseach, rian tábhairní meánaoiseacha agus lá spraoi do theaghlaigh ann. Trí chomhoibriú rathúil trí mhórfhéile a bhíonn ann sa bhaile, is iad sin, Lá na mBailte Múrtha Meánaoiseacha, Féile Rothaíochta Trí Lá Ghleann na Siúire agus féile buscála Chluain Meala, déantar ceiliúradh ar an meascán saibhir cultúir, spóirt agus ceoil atá ar fáil i gCluain Meala.

Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas

16ú-20ú 2017

Is féile ildisciplíneach ealaíon í féile Thír Dhá Ghlas, atá suite ar chladach thuaidh Loch Deirgeirt, agus cuireann sí raon mór imeachtaí éagsúla ealaíon, taibhiúchán agus eispéireas amharcealaíne ar fáil.

Seachtain Oidhreachta

19ú -27ú Lúnasa

Déanann an Chomhairle Oidhreachta comhordú ar an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta agus tá sé mar aidhm aige feasacht ar ár n-oidhreacht a mhéadú agus, sa tslí sin, caomhnú agus cosaint na hoidhreachta a spreagadh. Gach bliain, le linn na seachtaine deiridh i mí Lúnasa, glacann cuid mhór eagraíochtaí náisiúnta agus na céadta eagraíochtaí pobail áitiúil páirt sna gníomhaíochtaí trí imeachtaí a eagrú ar fud an chontae. Bíonn cuid mhór de na himeachtaí a bhíonn ann i rith na seachtaine saor in aisce agus tugann an clár suntas don obair mhór atá á déanamh in Éirinn chun ár n-oidhreacht nádúrtha, fhoirgnithe agus chultúir a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta ina cuid de Laethanta Oidhreachta na hEorpa ar comhthionscnamh iad de chuid Chomhairle na hEorpa agus an Aontais Eorpaigh agus glacann os cionn 40 tír páirt iontu gach bliain. Is é is príomhaidhm do Laethanta Oidhreachta na hEorpa ná ár n-oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúir a chur chun cinn agus comhoidhreacht chultúir na hEorpa a chur chun cinn.

Culture Night

22 September 2017

Culture night is an annual all island public event that celebrates culture, creativity and the arts and takes place in September. Arts and cultural organisations, venues, museums, studios, galleries and historic properties extend their opening hours and often host events or workshops to encourage people to experience culture in their locality. Culture night is an initiative of the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs in partnership with Local Authority Arts Offices and cultural organisations across the country.

Cashel Arts Festival

21-24 September 2017

A four-day festival in the town of Cashel, including music, dance, visual arts, film, theatre, workshops, literature and family events.

National Famine Commemoration Ballingarry

30 September 2017

This state event which will involve the local community consists of a state ceremony and a local cultural programme will be held in the Famine Warhouse 1848, the OPW national heritage site in Ballingarry.

Oíche Chultúir

22ú Meán Fhómhair 2017

Is é atá i gceist le hOíche Chultúir ná imeacht bliantúil poiblí uile-oileáin trína ndéantar ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona agus bíonn sé ar siúl i mí Mheán Fómhair. Fadaíonn eagraíochtaí agus ionaid ealaíon agus cultúir, músaeim, stiúideonna, gailearaithe agus áitribh stairiúla a gcuid uaireanta oscailte agus is minic a eagraíonn siad imeachtaí nó ceardlanna chun spreagadh a thabhairt do dhaoine i leith blaiseadh a fháil ar chúrsaí cultúir ina gceantar áitiúil. Is tionscnamh de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta é an Oíche Chultúir agus eagraítear é i gcomhpháirtíocht le hOifigí Ealaíon na nÚdarás Áitiúil agus le heagraíochtaí cultúir ar fud na tíre.

Féile Ealaíon Chaisil

21ú-24ú 2017

Féile ceithre lá i mbaile Chaisil, ina n-áirítear ceol, damhsa, amharcealaíona, scannánaíocht, amharclannaíocht, ceardlanna, litríocht agus imeachtaí do theaghlaigh.

Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir, Baile an Gharraí,

30 Meán Fhómhair 2017

Cuimsíonn an imeacht stáit seo, a mbeidh an pobal áitiúil páirteach ann, searmanas stáit agus clár cultúir áitiúil a sheolfar i dTeach Cogaidh an Ghorta Mhóir 1848, is é sin, suíomh oidhreachta náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile an Gharraí.

Dromineer Literary Festival

5-8 October 2017

Dynamic literary festival with exhibitions, workshops and events and competitions for new writing.

Scrooged Nenagh

December 2017

The Nenagh Arts Centre is producing, 'Scrooged', an adapted version of Charles Dickens novel 'A Christmas Carol'. This will be a collaboration of local and professional artists in the lead up to Christmas resulting in a 4-5-night production and matinee.

Call for expressions of interest

A call for expressions of interest in cultural and creative projects will be made in the autumn to programme for the lifetime of the Creative Ireland programme.

Féile Litríochta Dhrom Inbhir

5ú-8ú Deireadh Fómhair 2017

Féile bhríomhar litríochta ar lena linn a eagraítear taispeantais, ceardlanna agus imeachtaí, mar aon le comórtais i leith scríbhneoireacht nua.

Scrooged, An tAonach

Mí na Nollag 2017

Tá 'Scrooged', leagan oiriúnaithe d'úrscéal Charles Dickens, 'A Christmas Carol', á léiriú ag Ionad Ealaíon an Aonaigh. Beidh ealaíontóirí áitiúla agus gairmiúla ag obair i gcomhar lena chéile sa tréimhse roimh an Nollaig agus is é a leanfaidh as an gcomhoibriú sin ná léiriú 4-5 oíche mar aon le matinée.

Iarraidh ar léiriú spéise

Déanfar iarraidh ar léiriú spéise i dtionscadail chultúir agus chruthaitheachta a eisiúint san fhómhar d'fhonn clár a leagan amach do ré chlár Éire Ildánach.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council